


Gníomhaíocht 8

Tóraíocht Taisce

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta



Mapaí Dul Chun Cinn

Fiosracht, Fiosrú agus Ceistiú
Ag Obair mar Ghrúpa

Scil Traschuraclaim

Cumarsáid

Réimsí Foghlama

Bunscoil

An Domhan Thart Orainn

Iar-bhunscoil

An Timpeallacht agus an tSochaí:
Tíreolaíocht

Toradh Foghlama

Beidh na foghlaimeoirí:

- ag leanúint teoracha;
- ag oibriú amach leideanna; agus
- ag obair le chéile.

Áiseanna atá de Dhíth

Áis 10: Teimpléad Leide don Tóraíocht
Taisce

Eagrú an Ranga

Gníomhaíocht ghrúpa

Cur Síos

Beidh na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí beaga le cártaí leideanna a chuardach in áit ar leith. Oibreoidh siad amach cá háit a bhfaighidh siad an chéad leid eile agus bogfaidh siad chuig an áit sin. Ansin déanfaidh siad an rud céanna arís.

An Ghníomhaíocht

- Míniú do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag iarraidh teacht ar dhuais agus abair leo cá háit a bhfaighidh siad an chéad leid.
- Bíodh go leor ama ag na foghlaimeoirí leis an áit a chuardach mar is ceart.
- Nuair a thiocfaidh siad ar an leidchárta (a rinneadh leis an teimpléad in Áis 10), léifidh siad é lena oibriú amach cá háit a rachaidh siad ina dhiaidh sin; mar shampla, b'fhéidir go mbeadh 'itheann tú lón anseo' nó 'fágann tú do chóta anseo' scríofa ar an chárta.
- Bogfaidh siad ar aghaidh chuig an chéad áit eile le leid eile a chuardach.
- Leanfaidh siad ar aghaidh ar an dóigh sin go dtí go mbeidh neart leideanna oibrithe amach acu.
- Ansin, san áit dheireanach, tiocfaidh na foghlaimeoirí ar an duais/rud a bhí siad a chuardach.
- Iarr ar na foghlaimeoirí filleadh ar an tseomra ranga leis an duais agus leis na leidchártaí.
- Lig dóibh labhairt lena gcairde faoi na leideanna a d'oibrigh siad amach, an dóigh ar oibrigh siad amach iad agus ord na n-áiteanna a ndeachaigh siad.

Smaointe don Dífreáil

An Leibhéal Deacrachta a Íslíú

- Bain úsáid as leideanna pictiúir in ionad leideanna scríofa.
- Déan an tóraíocht in áit bheag a bhfuil cleachtadh ag na foghlaimeoirí air.
- Scairt amach 'te' nó 'fuar' lena léiriú go bhfuil na foghlaimeoirí ag bogadh níos cóngaraí don leidchárta nó níos faide ar shiúl uaidh.
- Tabhair duais do na foghlaimeoirí i ndiaidh dóibh leid a oibriú amach.

An Leibhéal Deacrachta a Ardú

- Bain úsáid as leideanna níos casta do na foghlaimeoirí.
- Déan an tóraíocht in áit níos mó.
- Bíodh ról ag gach duine sa ghrúpa. Mar shampla, léitheoir, ceannaire agus iad ag bogadh thart, cuardaitheoirí, foghlaimeoirí a oibríonn an leid amach agus duine a choinníonn na leidchártaí.
- Déan grúpaí den rang agus iarr orthu tóraíocht taisce dá gcuid féin a chumadh. Ansin lig do ghrúpa eile an tóraíocht taisce a dhéanamh.

Áis 10: Teimpléad Leide don Tóraíocht Taisce



© iStockphoto/thinkstockphotos.com